

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Meastóireacht Scoile Uile
Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim

TUAIRISC

Ainm na scoile / School name	Gairm Scoil Chú Uladh
Seoladh na scoile / School address	Béal an Átha Mhóir An Clochán Leifear Co. Dhún na nGall
Uimhir rolla / Roll number	71242B

Dáta na Meastóireachta: 09-05-2019



An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

This report is written in Irish. An English translation of the report is provided at the end of the report.

Tá an tuairisc seo scríofa i nGaeilge. Tá aistriúchán Béarla den tuairisc ar fáil ag deireadh na tuairisce.

Cad is meastóireacht scoile uile - bainistíocht, ceannaireacht agus foghlaim ann?

Déanann Meastóireacht Scoile Uile - Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim tuairisciú ar cháilíocht an teagaisc agus na foghlama agus ar cháilíocht na bainistíochta agus na ceannaireachta i nGairmscoil Chú Uladh. Dearbhaítear léi dea-chleachtas agus déantar moltaí, nuair is cuí, chun cuidiú le forbairt bhreise a dhéanamh ar an soláthar oideachais sa scoil.

Conas an tuairisc seo a léamh

Le linn na cigireachta seo, rinne na cigirí meastóireacht agus tuairisciú faoi na ceanteidil nó faoi na réimsí fiosrúcháin seo a leanas:

1. Cáilíocht na ceannaireachta agus na bainistíochts scoile
2. Cáilíocht an teagaisc agus na foghlama
3. Cur i bhfeidhm na moltaí ó mheastóireachtaí roimhe seo
4. Próiseas féinmeastóireachta na scoile agus an acmhainn d'fheabhsúchán scoile

Déanann na cigirí cur síos ar an gcáilíocht a bhaineann le gach ceann de na réimsí sin agus feidhm á baint acu as contanam cáilíochta na Cigireachta a thaispeántar ar leathanach deiridh na tuairisce seo. Soláthraíonn an contanam cáilíochta samplaí den teanga a úsáideann cigirí agus iad ag déanamh meastóireachta agus ag cur síos ar cháilíocht sholáthar na scoile i ngach réimse.

Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus beidh freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

COSAINN LEANAÍ

Le linn na meastóireachta, rinneadh seiceáil mar a leanas ar nósanna imeachta na scoile maidir le caomhnú leanaí:

1. Tá ainm an teagmhálaí ainmnithe agus an ráiteas slánchumhdaithe leanaí ar taispeáint go feiceálach gar do phríomhdhoras na scoile / sa limistéar fáiltithe.
2. Tá ráiteas slánchumhdaithe leanaí na scoile faofa ag an mbord agus áirítear ann athbhreithniú bliantúil agus measúnú riosca.
3. Tá sé dearbhaithe ag gach múinteoir ar tugadh cuairt orthu go bhfuil ráiteas slánchumhdaithe leanaí na scoile léite acu agus go bhfuil siad eolach ar a bhfreagrachtaí mar dhuine faoi shainordú.
4. Tá ráiteas slánchumhdaithe leanaí na scoile ag teacht lena n-éilítear faoi na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanáí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna 2017.
5. Ar na taifid de na trí chruinniú bainistíochta is déanaí tá taifead de thuairisc mhaoirseachta um chosaint leanaí i gcomhréir le riachtanais na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanáí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna 2017.
6. Tá sé cinntithe ag an mbord bainistíochta go bhfuil socruithe i bhfeidhm le heolas a chur ar fáil do phearsana uile na scoile ar na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanáí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna 2017.

7. Tá sé léirithe i ndoiciméid phleanála scoile go bhfuil soláthar iomlán á dhéanamh ag an scoil do ghnéithe ábhartha an churaclaim (OSPS, Bí Sábháilte, OCG, Folláine).
8. Tá na taifid maidir le cosaint leanaí a gcoinneáil in áit slán, daingean.

Bhí cleachtas na scoile ag teacht lena n-éilítear faoi gach ceann de na seiceálacha thuas.

MEASTÓIREACHT SCOILE UILE – BAINISTÍOCHT, CEANNAIREACHT AGUS FOGHLAIM

Dátaí na cigireachta	7, 8, 9 Bealtaine 2019
Gníomhaíochtaí cigireachta a rinneadh: Cruinniú leis an mbord bainistíochta Cruinnithe leis an bpríomhoide agus príomhoide tánaisteach Cruinnithe le príomhbhaill foirne Athbhreithniú ar cháipéisí ábhartha Agallamh le fócasghrúpa scoláirí	Cruinniú le tuismitheoirí Anailís ar cheistneoirí ó thuismitheoirí, scoláirí agus múinteoirí Breathnú ar theagasc agus foghlaim Scrúdú ar obair na scoláirí Aiseolas don fhoireann bhainistíochta sinsearaí, bord bainistíochta agus múinteoirí

Comhthéacs na scoile

Iar-bhunscoil chomhoideachais neamh-shainchreidmheach is ea Gairmscoil Chú Uladh a bunaíodh i 1982 chun oideachas dara leibhéal trí mheán na Gaeilge a sholáthar do phobal na Gaeltachta Láir i nDún na nGall. Feidhmíonn an scoil faoi phátrúnacht Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall agus tá rollachán reatha inti de 185 scoláire. Soláthraítear na cláir seo a leanas: Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh, an tSraith Shóisearach, Idirbhliain atá rognach, an Ardteistiméireacht bhunaithe agus Gairmchlár na hArdteistiméireachta. Tá an scoil páirteach sa Chlár Comhionannas Deiseanna i Scoileanna a Sheachadadh (DEIS) plean gníomhaíochta na Roinne Oideachais agus Scileanna don ionchuimsiú oideachais. Tá an scoil cláraithe leis an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta (SASG).

Achoimre ar na príomhchinntí agus moltaí:

Cinntí

- Tá cáilíocht fhoriomlán na ceannaireachta sa scoil go han-mhaith: oibríonn an fhoireann bhainistíochta shinsearach go héifeachtach chun an scoil a bhainistiú agus chun curaclam an-leathan a sholáthar a fhreastalaíonn ar riachtanais na scoláirí uile.
- Bhí cáilíocht fhoriomlán an teagaisc an-éifeachtach; bhí cáilíocht fhoriomlán na foghlama agus an mheasúnaithe go maith le roinnt scóipe chun feabhais maidir le modhanna measúnaithe a fhorbairt tuilleadh agus plean gníomhaíochta a chur i bhfeidhm chun gnóthachtáil scoláirí in ábhair áirithe a fheabhsú.
- Is láidreacht scoile í réimse na folláine agus an fócas ar fhorbairt iomlánaíoch na scoláirí le réimse leathan deiseanna eischuraclaim agus traschuraclaim curtha ar fáil ag na múinteoirí.
- Tá cáilíocht na pleanála ag leibhéal scoile uile go maith agus tá an cheannaireacht dailte agus ról na múinteoirí i bhforbairt na scoile le moladh, ach tá scóip chun feabhais ann maidir leis an bpleanáil do chur chun cinn litearthacht na Gaeilge agus an fhoireann ina hiomláine a chumasú ina leith.
- Glacadh cinneadh i 2017 clárú leis an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta agus tá polasaí inmholta glactha chun an tumoideachas a chur i bhfeidhm do scoláirí a chláraigh sa chéad

bhliain i 2018 agus ina dhiaidh sin; tá fíís láidir ag an scoil chun aitheantas a bhaint amach mar scoil Ghaeltachta.

- Déantar iarrachtaí fóna freastal ar scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais (RSO) acu agus an t-eispéireas oideachais is fearr a chur ar fáil dóibh ach tá éiginnteacht áirithe ag baint le húsáid cuid bheag de na huaireanta RSO agus cé go bhfuil dul chun cinn maith déanta le moltaí ó mheastóireachtaí a rinneadh roimhe seo níl duine cáilithe ar fáil fós chun treoirchomhleoireacht a sholáthar.

Moltaí

- Moltar na modhanna measúnaithe a fhorbairt tuilleadh, monatóireacht níos córasaí a dhéanamh ar ghnóthachtáil na scoláirí agus pleanáil go straitéiseach chun gnóthachtáil a fheabhsú in ábhair áirithe.
- Moltar litearthacht na Gaeilge a fhorbairt trasna an churaclaim agus na múinteoirí a chumasú ina leith.
- Ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar úsáid cuid de na huaireanta tacaíochta don RSO agus a chinntiú go bhfuil siad in úsáid mar is cuí.
- Ní mór don bhainistíocht a chinntiú go bhfuil duine cáilithe don treoirchomhairleoireacht ar fáil don scoil.

MIONCHINNTÍ AGUS MOLTAÍ

1. CÁILÍOCHT NA CEANNAIREACHTA AGUS NA BAINISTÍOCHTA SCOILE

Ceannaireacht ar fhoghlaim agus ar theagasc

Tá cáilíocht fhoriomlán na ceannaireachta ar fhoghlaim agus ar theagasc go han-mhaith. Cuirtear curaclam an-leathan ar fáil a fhreastalaíonn ar riachtanais fhoghlama agus fhorbartha na scoláirí uile. Tá réimse leathan clár ar fáil lena n-áirítear, Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh, clár Idirbhliana roghnaí ar ardchaighdeán a bhfuil an-rath air agus Clár Foghlama Leibhéal 2 chun freastal ar líon an-bheag scoláirí.

Ghlac pobal na scoile cinneadh clarú leis an SASG. Mar chuid den phróiseas chun aitheantas a bhaint amach mar scoil Ghaeltachta tá na scoláirí ar fad sa chéad bhliain, 2018/19 á múineadh go hiomlán trí mheán na Gaeilge. Bhí cur chuige dhátheangach i bhfeidhm sa scoil le tamall de bhlianta mar a bhain sé le cuir chuige mhúinteoireachta agus bainistíochta toisc gur tháinig meath ar an teanga sa cheantar de bharr imirce agus easpa fostaíochta. Tógadh cinneadh cróga ionmholta fillleadh go hiomlán ar phrionsabail bhunaithe na scoile agus an tumoideachas a thabhairt ar ais. Tá obair an-mhaith ar siúl maidir le scileanna teanga scoláirí na céad bhliana a fhorbairt. Táthar ag freastal ar riachtanais fhoghama éagsúla na gcainteoirí dúchais agus scoláirí líofa sa teanga agus iad siúd nach bhfuil chomh líofa céanna, le cabhair ó na huaireanta tacaíochta teanga don Ghaeilge a chuirtear ar fáil mar chuid den SASG. Moltar raon tacaí breise don teanga a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm mar shampla: campa samhraidh, scéim mheantóir teanga, scoláirí ag leibhéal inniúlachta teanga éagsúla ag cabhrú lena chéile agus leabhrán téarmaíochta.

Tugtar deis do dhaltaí ó rang a sé sna bunscoileanna áitiúla teacht chun na scoile chun na hábhair éagsúla a thriail. Moltar clár aistrithe scoile níos leithne a sholáthar go háirithe i gcomhthéacs scoláirí a bheith ag teacht ó bhunscoileanna Gaeltachta agus Galltachta le raon inniúlachta sa Ghaeilge. Bheadh sé tábhachtach i gcomhthéacs an SASG go gcuirfí scoláirí agus a dtuismitheoirí ar an eolas faoi bhuntáistí an tumoideachais agus faoi na tacaí teanga atá ar fáil sa scoil. Cuireadh ranganna Gaeilge ar fáil do thuismitheoirí i mbliana don chéad uair le blianta fada, ranganna a raibh an-éileamh agus an-rath orthu.

Déantar iarrachtaí fóna freastal ar riachtanais folláine agus forbairt iomlánaíoch an scoláire agus is láidreacht scoile í an cúram seo. Tá na hábhair Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) agus Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) ar fáil mar is ceart. Cuirtear rang scileanna beatha ar fáil do gach bhliainghrúpa a chuimsíonn réimsí na folláine agus an OCG, soláthar ionmholta mar chuid d'fhorbairt iomlánaíoch gach scoláire.

Tá an fhoireann le moladh fosta as an méid deiseanna foghlama comhchuraclaim agus seachchuraclaim a chuirtear ar fáil. Tá saibhreas agus fiúntas ar leith ag baint leis na deiseanna seo agus leagtar béim ionmholta ar rannpháirtíocht in ócáidí agus comórtais Ghaeilge agus Ghaeltachta mar chuid den SASG. Anuas air seo, cuirtear an iliomad deiseanna ar fáil do scoláirí le bheith páirteach i réimse an spóirt. Tá plean ag an príomhoide cúrsaí ceoil a fhorbairt sa scoil fosta.

Tacaíonn an bhainistíocht le deiseanna forbartha gairmiúla (FGL) don fhoireann. Tá roinnt ball foirne ag freastal ar chúrsaí FGL lena n-áirítear cúrsa ceannaireachta theagascach agus cúrsa ar chleachtas athchóirithe. Tá straitéisí ó na cúrsaí seo á gcur i bhfeidhm trasna an churaclaim agus tá a rian le feiceáil sna ranganna. Leagann an bhainistíocht béim ionmholta ar phrionsabail agus cur i bhfeidhm an chleachtas athchóirithe sa scoil. Beidh an scoil ag dul i dtreo lán-thumtha de réir a chéile agus bheadh sé tráthúil anois cúrsa inseirbhíse ar fhorbairt agus cur i bhfeidhm an oideachais Gaeltachta a chur ar fáil don fhoireann.

Rinneadh obair fhóna le cúpla bliain anuas ar fhorbairt straitéisí difreáilte agus measúnú chun foghlama (McF) le húsáid sna ceachtanna. Moltar an obair seo ach tá scóip chun feabhais ann fós maidir le haiseolas foirmitheach scríofa a thabhairt sna cóipleabhair i gcásanna áirithe. Ní mór a chinntiú go dtugtar treoir shoiléir do scoláirí faoi conas is féidir leo a gcuid oibre a fheabhsú. Déantar monatóireacht ar dhul chun cinn scoláirí ach tá scóip chun forbartha ann maidir le plean gníomhaíochta chun gnóthachtáil in ábhair áirithe a ardú tuillleadh agus taifead córasach a choinneáil ar bhaint amach spriocanna DEIS mar a bhaineann siad le gnóthachtáil i gcoitinne.

Déantar iarrachtaí fóna freastal ar scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais (RSO) acu agus an t-eispéireas oideachais is fearr a sholáthar dóibh. Táthar tiomanta d'fhorbairt iomlánaíoch agus acadúil na scoláirí uile agus is láidreacht scoile í an aird leanúnach a thugtar don chúram seo. Tá éiginnteacht áirithe ag baint le húsáid cuid bheag de na huaireanta RSO, áfach. Ní mór don bhainistíocht athbhreithniú a dhéanamh ar chuid de na bealaí ina úsáidtear na huaireanta RSO faoi láthair.

An eagraíocht a bhainistiú

Tá cáilíocht na ceannaireachta agus na bainistíochta scoile an-éifeachtach. Tá tuiscint mhaith ag an mbord bainistíochta ar a chuid dualgas reachtúla agus tá na baill thar a bheith tiomanta don scoil mar chroílár an phobail. Bunaíodh Gairmscoil Chú Uladh tar éis feachtais láidir pobail agus tá an bord an-bhródúil as a bhfuil bainte amach ag an scoil ó shin.

Feidhmíonn an príomhoide agus an príomhoide tánaisteach mar fhoireann bhainistíochta shinsearach éifeachtach le fis chomórta do thodhchaí agus d'fhorbairt na scoile mar scoil Ghaeltachta. Déanann an bhainistíocht shinsearach bainistiú an-éifeachtach ar an scoil. Tá córais chumarsáide éifeachtacha i bhfeidhm agus tugadh faoi deara an t-atmaisféar tacúil comhoibritheach i measc na foirne. Aithníodh an dea-atmaisféar agus an bealach inar caitheadh le scoláirí agus baill foirne le meas agus dínit.

Tá ceithre phost príomhoide cúnta (PC) 1 ar fáil agus ceithre phost mar PC2. Rinneadh athbhreithniú iomlán ar na poist agus na dualgais a ghabhann leo i mbliana agus bhí sé soiléir le linn na meastóireachta go bhfuil riachtanais na scoile á gclúdach ag an sceideal post a leagadh amach mar thoradh ar an athbhreithniú. Is láidreacht scoile í an cheannaireacht dháilte. Fáiltíonn an bhainistíocht roimh mholtaí ón bhfoireann maidir le gnéithe le forbairt, tugtar deiseanna maithe cinnireachta don fhoireann agus do na scoláirí agus glactar leo.

Sna ceistneoirí a scaipeadh mar chuid den mheastóireacht, d'aontaigh na múinteoirí agus na tuismitheoirí go láidir leis an ráiteas “ritear an scoil go héifeachtach”. Tógann an bhainistíocht shinsearach caidreamh an-chuiditheach le pobal na scoile. Cuirtear nuachtlitir ar ardchaighdeán ar fáil do thuismitheoirí cúpla uair sa bhliain agus b'fhiú an nuachtlitir a scaipeadh ar phobal an cheantair fosta. Bíonn tuismitheoirí ar fáil agus toilteannach i gcónaí cabhrú le hócáidí scoile ach tá teipthe ar an mbord bainistíochta coiste tuismitheoirí a bhunú le blianta beaga anuas. Mar shlí eile chun an dúshlán seo a sháru, moltar coiste cairde na scoile a bhunú mar thús agus iarracht eile a dhéanamh sa todhcháí chun coiste tuismitheoirí a chur le chéile. D'fhéadfaí an coiste cairde a nascadh leis an gcoiste planála teanga don cheantar, le hiarscoláirí agus le lucht bunaithe na scoile.

Tá caoi mhaith ar fhoirgneamh agus ar thailte na scoile. Tá an foirgneamh tarraingteach agus geal le raon leathan obair scoláirí ar taispeáint.

Acmhainn na ceannaireachta a fhorbairt

Tá acmhainn na ceannaireachta a fhorbairt ag leibhéal ard. Aithníonn agus dearbhaíonn an príomhoide agus an príomhoide tánaisteach an ról rí-thábhachtach atá ag cáilíocht na ceannaireachta agus na bainistíochta don scoil. Tá ionchais arda ag an mbainistíocht shinsearach dóibh féin, do scoláirí agus don fhoireann. Tapaíonn múinteoirí deiseanna chun ról cheannaireachta a ghlacadh agus chun seansanna a thabhairt do scoláirí rochtain a fháil ar réimse eispéireas oideachasúla. Feidhmíonn an bhainistíocht shinsearach agus na múinteoirí mar fhoireann aontaithe dírithe ar oideachas Gaeltachta ar ardchaighdeán a sholáthar.

Tá comhairle scoláirí ann agus tugtar deiseanna eile do scoláirí róil cheannaireachta a ghlacadh: scéim mheantóireachta deartháir mór deirfiúr mór, ionadaithe ranga agus ionadaíocht ar an gcoiste sláinte ar a bhfuil ionadaíocht ó mhúinteoirí freisin. Tugtar guth tábhachtach do scoláirí trína n-ionadaíocht ar an gcoiste seo as a dtagann a lán smaointe don fheabsúchán scoile. Cuirtear cúrsa cóitseála saoil agus oiliúint do cheannairí scoile ar fáil do scoláirí na hIdirbhliana. Tá an scoil le moladh as na hiarrachtaí a dhéantar cluas le héisteacht a thabhairt do ghuth na scoláirí. Léirigh freagraí na gceistneoirí a cuireadh ar scoláirí go raibh a bhformhór sásta leis an ngné seo de shaol na scoile.

Déantar an-iarracht freisin aitheantas a thabhairt d'éachtaí agus d'iarrachtaí na scoláirí trí oíche aitheantais don scoil ar fad, cártaí moltacha a chur abhaile agus duaiseanna éagsúla. D'fhéadfaí cur leis na hiarrachtaí chun an Ghaeilge a neartú mar theanga chumarsáide na scoile trí aitheantas a thabhairt d'úsáid na teanga laistigh agus lasmuigh de na ranganna.

Tá plan scoile chuimsitheach ann le raon leathan polasaithe. Tá obair mhaith déanta ar fhorbairt na bpolasaithe agus na gcleachas scoile. Tá spriocanna feabhsúcháin ceangailte leis an bplan scoile, cur chuige atá inmholta. Moltar an fhís maidir le soláthar oideachas Gaeltachta a roinnt le pobail Ghaeltachta eile d'fhonn oideachas dara leibhéal Gaeltachta a sholáthar do phobal níos leithne. Moltar don bhainistíocht plan straitéiseach a dhearadh chun rochtain ar an oideachas Gaeltachta a chur ar fáil do líon níos airde scoláirí.

2. CÁILÍOCHT AN TEAGAISC AGUS NA FOGHLAMA

Torthaí agus Éispiris na bhFoghlaimoirí

Bhí cáilíocht fhoriomlán an teagaisc agus na foghlama go han-mhaith sna ceachtanna a breathnaíodh. I roinnt bheag ceachtanna bhí an cháilíocht sásúil. Bhain na réimsí chun forbartha a bhí comónta i gcás an bheagáin sin de cheachtanna le caint an mhúinteora a bheith i dtreis, agus foghlaimoirí a bheith neamhghníomhach.

Ar na táscairí dea-chleachtais a bhí comónta sna ceachtanna ar fad, bhí an dea-chaidreamh idir na scoláirí agus na múinteoirí. Bhí timpeallacht na foghlama sna seomraí ranga an-spreagthach agus bhí na ballaí maisithe le saothar na scoláirí, cairteacha agus postaeir ildaite a bhain le saintearmaíocht

agus eochairfhocail. Chuidigh acmhainní spreagthacha go mór leis an bhfoghlaim. Baineadh úsáid éifeachtach as léaráidí, grianghraif, gearrthóga fise agus cuir i láthair digiteacha chun cur leis an eispéireas foghlama.

Bhí formhór na gceachtanna dírithe ar intinní foghlama soiléire agus indéanta. Rinneadh réamhfhoghlaim na scoláirí ar topaicí éagsúla a dhearbhu. Chuathas siar arís ar na hintinní foghlama ag an deireadh chun an fhoghlaim a mheas agus a dhaingniú.

I leath na gceachtanna a breathnaíodh, baineadh úsáid éifeachtach as straitéisí measúnú chun foghlama, lena n-áirítear soilse tráchta, ticéid amach, mataí tábla agus fíis eagraithe eile. Moltar na straitéisí tairbheacha seo a úsáid i níos mó ceachtanna.

Baineadh úsáid as cuir chuige idirghníomhacha a spreag rannpháirtíocht leanúnach na scoláirí. Tugadh faoi imeachtaí comhfhoghlama le fonn, idir obair bheirte agus obair ghrúpa. Áit a raibh struchtúr cuí curtha leis an idirghníomhaíocht, bhí torthaí fóna ar an obair. Léirigh formhór na scoláirí féin-mhuinín ag tabhairt aiseolais ó na grupaí, ag plé ceiste nó ag déanamh cur i láthair.

I roinnt ceachtanna tugadh faoi deara go raibh mionlach na scoláirí ró-thostach agus nár thug ach abairtí gearra ó bhéal mar fhreagra ar cheisteanna múinteoirí. B'fhiú smaoinemh ar straitéisí chun níos mó féin-mhuiníne a chothú agus freagraí níos iomláine a mhealladh. Faoi láthair, bíonn sé de nós ag scoláirí áirithe a bhfuil easpa misnigh orthu ó thaobh na Gaeilge de, freagraí a thabhairt i mBéarla agus obair bhaile a réiteach i mBéarla. Ba cheart go dtiocfadh deireadh leis an gcleachtas seo de réir mar a fhorbraíonn cleachtas an tumoideachais tríd an scoil.

Sna ceistneoirí a dáileadh mar chuid den mheastóireacht, léirigh formhór na scoláirí go mbíonn a gcuid ceachtanna suimiúil, go bhfuil ag éirí go maith leo ina gcuid obair bhaile, agus go spreagtar iad chun a ndícheall a dhéanamh.

Cleachtas aonair agus comhchoiteann na múinteoirí

Rinneadh ullmhúchán an-mhaith do na ceachtanna ar fad a breathnaíodh. Ranganna beaga a bhí i gceist go minic agus bhí deis iontach tacaíocht phearsanta a thabhairt do gach scoláire. Chruthaigh na múinteoirí timpeallacht foghlama a bhí thar a bheith dearfach agus tacúil.

Tugadh faoi deara go raibh scoláirí áirithe as láthair as roinnt ranganna. Moltar súil ghéar a choimeád ar an tinreamh agus a chinntiú go bhfuil straitéisí ann chun an mionlach seo a mhealladh chun freastal ar scoil níos rialta.

Tá na múinteoirí le moladh as an gcur chuige comhsheasmhach sna ceachtanna maidir le díriú ar an uimhearthacht. Tá obair mhaith déanta freisin ar fhorbairt na litearthachta ach tá scóip chun feabhais ann go fóill. Ní mór anois díriú go córasach ar an litearthacht agus feasacht teanga; ba cheart an ghramadach, cleachtadh eochairfhocal agus saintearmaíochta a chur chun cinn i ngach ceacht agus i ngach ábhar. Mar chuid de ba cheart saibhriú na Gaeilge, tuiscint agus feasacht na scoláirí ar luach agus tábhacht na canúna áitiúil a fhorbairt.

Baineadh úsáid theoranta as teicneolaíochtaí digiteacha sna ceachtanna a breathnaíodh. Go minic ba chur i láthair digiteach a bhí i gceist. Uaireanta, baineadh úsáid ní ba chruthaithí as an teicneolaíocht, nuair a iarradh ar scoláirí a dtaighde féin a dhéanamh ar an idirlíon nó téarmaíocht a lorg ó fhoclóirí ar líne, mar shampla. Moltar don fhoireann úsáid níos cruthaithí agus níos idirghníomhaí a bhaint as an teicneolaíocht digiteach.

Bhí cáilíocht an mheasúnaithe go maith. Bhí samplaí an-mhaith den cheistiúchán in úsáid ag múinteoirí áirithe trí iniúchadh breise a dhéanamh ar aiseolas na scoláirí, straitéis a chuimsigh ceisteanna oscailte

agus dúnta. Mar chuid den phroiseas féinmheasúnaithe scoláirí i roinnt ceachtanna, iarradh orthu nóta gairid a bhreacadh faoi dhá rud a thaitin leo agus gné eile a lua a raibh gá acu le forbairt a dhéanamh air. B'fhiú an dea-chleachtas seo a leathnú.

Ceartaítear an obair bhaile go rialta agus chonacthas samplaí maithe d'aiseolas cuiditheach i roinnt cóipleabhar. Moltar níos mó aiseolais cuidithigh a thabhairt ar obair na scoláirí i gcoitinne, agus athbhreithniú a dhéanamh ar cháilíocht an obair bhaile, i bhfianaise a bhfuil léirithe ag mionlach suntasach de thuismitheoirí sna ceistneoirí.

Go hachomair, chonacthas dea-chleachtas éagsúil i bhformhór na gceachtanna. Moltar go mór an dea-chleachtas seo a roinnt i measc na foirne trí bhreis deiseanna piarbhreathnóireachta agus buíontegaisc a sholáthar.

Tá cáilíocht na pleanála do cheachtanna agus do na hábhair go maith. Déanann na múinteoirí comhphleanáil ach tá scóip chun forbartha maidir le cuid de na scéimeanna oibre. B'fhiú fosta clár na hIdirbhliana a athbhreithniú chun aitheantas níos mó a thabhairt don iliomad deiseanna foghlama a chuirtear ar fáil agus chun cuir chuige níos cruthaithí a fhorbairt i gcuid de na croí-ábhair.

3. CUR I BHFEIDHM NA MOLTAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ ROIMHE

Tá dul chun cinn maith déanta maidir le cur i bhfeidhm moltaí ó chigireachtaí roimhe seo ach tá scóip chun feabhais ann i réimsí áirithe.

Ceannaireacht agus Bainistíocht

Tá an t-am cuí á thabhairt anois don Treoirghairm agus am breise á thabhairt don Ghaeilge sa tSraith Shóisearach. Níl duine cáilithe ar fáil fós don treoirchomhleoireacht agus moltar don bhainistíocht, le cabhair ó Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall, an scéal seo a réiteach.

Teagasc agus Foghlaim

Tá dul chun cinn maith déanta maidir le forbairt agus úsáid raon leathan straitéisí McF. Bhí fianaise láidir den dul chun cinn seo le feiceáil sna ceachtanna a breathnaíodh. Tá scóip chun feabhais ann go fóill maidir le forbairt litearthacht na Gaeilge agus measúnú córasach ar dhul chun na scoláirí sa Ghaeilge.

4. PRÓISEAS FÉINMHEASTÓIREACHTA NA SCOILE AGUS CUMAS D'FHEABHSÚCHÁN SCOILE

Próiseas Féinmheastóireachta na Scoile

Tá próiseas na féinmheastóireachta scoile neadaithe go maith i gcleachtais oibre agus pleanála na scoile don fhéinmheastóireacht agus do phleanáil DEIS. Cuireadh a lán ceistneoirí ar scoláirí, tuismitheoirí agus múinteoirí maidir le gnéithe éagsúla den eispéireas oideachais. Bunaithe ar thorthaí na gceistneoirí sin agus fianaise eile cuireadh pleananna le chéile don fheabhsúchán. Tá roinnt scóipe chun feabhais ann áfach, maidir le monatóireacht chórasach léanúnach a dhéanamh ar dhul chun cinn na spriocanna. Tá fócas ar an litearthacht agus uimhearthacht neadaithe go maith sa chleachtas ranga agus breathnaíodh fianaise ina leith sin le linn breathnóireachta ar fhoghlaim agus ar theagasc. Moltar go mbeadh spriocanna cinnte leagtha síos do dhul chun na scoláirí i litearthacht na Gaeilge agus an Bhéarla.

Cumas na Scoile d'Fheabhsúchán

Léiríodh oscailteacht an-mhaith i measc na bainistíochta agus na foirne don phróiseas fheabhsúchán scoile agus do mholtaí na meastóireachta. Glacadh le comhairle agus bhí plé gairmiúil próifisiúnta faoi fhorbairt na scoile sa todhchaí. Tá cumas na scoile don fheabhsúchán ag an leibhéal is airde.

Aguisín

Freagra na scoile ar an Tuairisc

Arna chur isteach ag an mBord Bainistíochta

Cuid A: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile

Fáiltíonn Bord Bainistíochta Ghairmscoil Chú Uladh roimh an tuairisc uile scoile thar a bheith dearfach comhlánaithe ag Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna. Tá an Bord buíoch den réimse leathan de ghnéithe de shaol na scoile atá molta. Leagann príomhthorthaí na Cigireachta béim ar na ranníocaíochtaí dearfacha atá ag na comhpháirtithe go léir laistigh de phobal na scoile i dtreo eispéireas oideachais a sholáthar do na mic léinn. Is mór an sásamh don Bhord Bainistíochta é go bhfuil caighdeán na bainistíochta agus ceannaireachta agus an ardchaighdeán teagaisc agus foghlama luaite chomh maith le haitheantais don timpeallacht oideachasúil chuimsitheach, chúramach agus tacúil do scoláirí sa scoil.

Cuid B: Gníomhartha leantacha a rinneadh nó atá beartaithe le déanamh ó cuireadh críoch leis an ngníomhaíocht chigireachta chun tátail agus moltaí na cigireachta a chur i bhfeidhm

- Tá forbairt déanta ar na huaireanta Riachtaisí Speisialta Oideachais.
- Tá an bhainistíocht ag plé leis an Bhord Oideachais agus Oiliúna maidir le huaireanta comhairleoireachta a fháil don scoil.
- Tá obair déanta ar litearthacht na Gaeilge a fhorbairt trasna an churaclaim rud a bhéas idir lámha ag dul chun tosaigh.
- Táthar ag plé le stratéisí measúnú chun foghlama chun iad a scaipeadh mar chleachtas timpeall na scoile mar atá molta.

Contanam Cáilíochta na Cigireachta

Déanann cigirí cur síos ar cháilíocht an tsoláthair sa scoil agus feidhm á baint acu as contanam cáilíochta na cigireachta a thaispeántar thíos. Tugann an contanam cáilíochta samplaí den teanga a úsáideann cigirí nuair a bhíonn siad ag déanamh meastóireachta agus ag cur síos ar cháilíocht sholáthar na scoile do gach réimse.

Leibhéal	Cur síos	Sampla de na téarmaí tuairisciúla
An-mhaith	Úsáidtear <i>An-mhaith</i> áit a bhfuil cáilíocht na réimsí a ndéantar meastóireacht orthu ar chaighdeán an-ard. Ní bhíonn tionchar rómhór ag an líon beag réimsí atá le feabhsú ar cháilíocht an tsoláthair ar an iomlán. Do roinnt scoileanna sa chatagóir seo cáilíocht an tsoláthair ar a rinneadh meastóireacht <i>thar cionn</i> agus is sampla é do scoileanna eile de shárchaighdeán soláthair.	An-mhaith; ar cháilíocht an-ard; cleachtas an-éifeachtach; le moladh go hard; an-rathúil; beagán réimsí le feabhsú; go hiontach; ar chaighdeán an-ard. Ar fheabhas: thar cionn; ar sárchaighdeán; le láidreachtaí an-suntasacha; thar barr
Maith	Úsáidtear <i>Go maith</i> áit inar léir go bhfuil na láidreachtaí sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu níos treise ná na réimsí ina bhfuil gá le feabhas a dhéanamh. Bíonn tionchar ag na réimsí ina bhfuil gá le feabhas a dhéanamh ar cháilíocht foghlama na ndaltaí. Ní mór don scoil tógáil ar a cuid láidreachtaí agus gníomhú le dul i ngleic leis na réimsí atá aitheanta ina bhfuil gá le feabhas a dhéanamh d'fhonn caighdeán <i>an-mhaith</i> a bhaint amach.	Go maith; cáilíocht mhaith; fiúntach; cleachtas éifeachtach; inniúil; úsáideach; inmholta; caighdeán maith; roinnt réimsí le feabhsú
Sásúil	Úsáidtear <i>Sásúil</i> áit a bhfuil cáilíocht an tsoláthair sách maith. Tá na láidreachtaí sa mhéid ar a bhfuil meastóireacht á dhéanamh díreach níos treise ná na laigí. Cé nach mbíonn drochthionchar suntasach ag na laigí cuireann siad srian le cáilíocht na n-eispéireas foghlama agus ba chóir déileáil leo d'fhonn caighdeán níos fearr a bhaint amach.	Sásúil; sách maith; soláthar oiriúnach cé go bhfuil féidearthachtaí ann le feabhas a dhéanamh; leibhéal cáilíochta inghlactha; is gá feabhas a dhéanamh i réimsí áirithe
Measartha	Úsáidtear <i>Measartha</i> áit, in ainneoin go bhfuil roinnt láidreachtaí sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu, go bhfuil níos mó easnaimh nó laigí ann freisin ná na láidreachtaí. Beidh ar an scoil dul i ngleic le heasnaimh áirithe gan mhoill lena chinntiú go mbíonn an soláthar sásúil nó níos fearr ná sin.	Measartha; laigí soiléire ann a bhfuil tionchar acu ar fhoghlaim na ndaltaí; gan a bheith sásúil; deacrachtaí ann; ní mór feabhas a dhéanamh i réimsí ar leith; gá le gníomhú le feabhas a dhéanamh
Lag	Úsáidtear <i>Lag</i> áit a bhfuil easnaimh thromchúiseacha sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu. Is gá don scoil uile gníomhú láithreach ar bhonn comhordaithe le dul i ngleic leis na réimsí atá mar ábhar imní. I gcásanna áirithe, b'fhéidir go mbeidh gá le hionchur ó ghníomhaireachtaí eile le tacú leis na feabhsuithe.	Lag; míshásúil; easnamhach; neamhéifeachtach; go dona; athrú, forbairt nó feabhas suntasach ag teastáil; deacrachtaí suntasacha ann

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Whole School Evaluation
Management, Leadership and Learning

Ainm na scoile / School name	Gairm Scoil Chú Uladh
Seoladh na scoile / School address	Béal an Átha Mhóir An Clochán Leifear Co. Dhún na nGall
Uimhir rolla / Roll number	71242B

Date of Evaluation: 09-05-2019

WHOLE-SCHOOL EVALUATION – MANAGEMENT, LEADERSHIP AND LEARNING

Whole-School Evaluation – Management, Leadership and Learning reports on the quality of teaching and learning and on the quality of management and leadership in a school. It affirms good practice and makes recommendations, where appropriate, to aid the further development of educational provision in the school.

How to read this report

During this inspection, the inspectors evaluated and reported under the following headings or areas of enquiry:

1. Quality of school leadership and management
2. Quality of teaching and learning
3. Implementation of recommendations from previous evaluations
4. The school's self-evaluation process and capacity for school improvement

Inspectors describe the quality of each of these areas using the Inspectorate's quality continuum which is shown on the final page of this report. The quality continuum provides examples of the language used by inspectors when evaluating and describing the quality of the school's provision in each area.

